

**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000028/2023
ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don
Bheartas Slándála**

Riail 136

Andrey Kovatchev, Željana Zovko, Peter van Dalen
thar ceann Ghrúpa PPE

Ábhar: An staid dhaonnúil i gconair Lachin

Tá Conair Lachin, an t-aon nasc talún idir an Nagarna-Carabaic agus Poblacht na hAirméine, blocáilte, a bheag nó a mhór, ón 12 Nollaig 2022 ag an Asarbaiseáin. Ar an gcéad dul síos, chuir grúpa gníomhaithe éiceolaíocha bac obann ar an gconair, ag agóid i gcoinne gníomhaíochtaí mianadóireachta líomhnaithe sa cheantar. An 22 Feabhra 2023, d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) beart ceangailteach sealadach 'go nglacfaidh an Asarbaiseáin ... gach beart atá ar fáil di chun gluaiseacht daoine, feithiclí agus lasta gan bhac feadh Chonair Lachin sa dá threo a áirithiú'. Go dtí seo, níor cuireadh an beart chun feidhme. Thairis sin, neartaíodh an rialú éifeachtach ar rochtain na hAsarbaiseáine ar an gconair trí sheicphointe dá fórsaí armtha a bhunú an 23 Aibreán. I Ráiteas Tríthaobhach an 9 Samhain 2020, luaitear i bpointe 6 go bhfuil Conair Lachin fós faoi smacht ag meitheal síochánaíochta Chónaidhm na Rúise, agus ráthaíonn an Asarbaiseáin gluaiseacht shábháilte saoránach, feithiclí agus earraí sa dá threo. Ó mhí na Samhna seo caite, cuireadh isteach go mór ar ghluaiseacht rialta daoine, feithiclí agus lastais. Cuireadh saol 120 000 Airméanach atá ina gcónaí sa Nagarna-Carabaic i mbaol. Cuireadh bac ar a rochtain ar sholáthairtí úra agus ar shaorghluaiseacht, agus ciorraíodh a soláthairtí gáis agus leictreachais. Ar thaobh na hAirméine, is ionann é seo agus tubaiste dhaonnúil. Tá fulaingt na nAirméanach sa Nagarna-Carabaic ag tarlú i gcomhthráth leis an gcaibidlíocht leanúnach síochána arna héascú go comhuaineach ag AE ag an Uachtarán Charles Michel, ag na Stáit Aontaithe agus ag an Rúis. Is cúlra do na ceisteanna seo a leanas an tírdhreach casta seo, áit a bhfuil an fhulaingt dhaonna ag brath ar an dóchas a spreag caibidlíocht ar an leibhéal polaitiúil is airde:

- 1) Cén tuiscint atá ag an Leas-Uachtarán/Ardionadaí ar staid na nAirméanach sa Nagarna-Carabaic agus ar a bhfuil i ndán dóibh? Cad atá déanta aige féin agus ag a chuid seirbhísí go dtí seo chun brú a chur ar an Asarbaiseáin cloí le beart CBI agus gluaiseacht daoine, feithiclí agus lasta gan bhac a athbhunú feadh Chonair Lachin sa dá threo?
- 2) An gcreideann an Leas-Uachtarán/an tArdionadaí gur cheart díbhlocáil Chonair Lachin a mheas mar réamhriachtanas le haghaidh tuilleadh caibidlíochta idir an Airméin agus an Asarbaiseáin, arna héascú ag AE, agus gur cheart déileáil leis mar chomhartha dea-thola ag an Asarbaiseáin?
- 3) I bhfianaise na caibidlíochta síochána atá ar siúl faoi láthair arna héascú go comhuaineach ag AE, SAM agus an Rúis, conas a chreideann an Leas-Uachtarán/an tArdionadaí gur cheart slándáil na nAirméanach sa Nagarna-Carabaic a áirithiú go héifeachtach i gcomhaontú síochána amach anseo? An gcreideann sé gur cheart go mbeadh láithreach mhíleata idirnáisiúnta ag teastáil chuige sin faoi choimirce na Náisiún Aontaithe nó na n-eagraíochtaí réigiúnacha?

Curtha síos:2.6.2023

Spríodhata i gcomhair freagra:3.9.2023